StudentBounty.com

U[…]id

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrth[…]

Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**

**January 2009**

# Matamaitic

## Modúl N5 Páipéar 2
## (Le hÁireamhán)
## Bonnsraith

**[GMN52]**

**DÉ CÉADAOIN 14 EANÁIR**

**3.00 pm – 4.00 pm**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| **Marc Iomlán** | |

### AM

1 uair an chloig.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ


Is é 56 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.




www.StudentBounty.com

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a+b)h$





**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad







www.StudentBounty.com

**1**





Baineann na diaileanna thuas le táscaire teochta agus le hamadóir.

**(a)** Cén teocht atá á taispeáint? Freagra ____________°C [1]

**(b)** Scríobh an léamh atá ar an amadóir. Freagra ____________ [1]




Sa léaráid thuas tá diail meá cistine atá marcáilte i gcileagraim agus i ngraim.

**(c)** Cén léamh, ina chileagraim agus ina ghraim, atá á thaispeáint leis an tsaighead?

Freagra ________ kg ________g [1]

**(d)** Taispeáin léamh 760 gram ar an léaraid le saighead. [1]

**(e)** Cad é an difríocht, ina graim, idir léamh **(c)** agus léamh **(d)** thuas?

Freagra ____________g [1]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |



www.StudentBounty.com

**2** Sa léaráid taispeántar dearadh d’fhuinneog dhronuilleach. Tá 3 chruth dhifriúla i bpánaí na fuinneoige.

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc




**(a)** Cén t-ainm a thugtar ar na cruthanna scáthaithe?

Freagra ____________[1]

**(b)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas le focail chuí matamaitice le cur síos ar na cruthanna scáthaithe.

Tá na sleasa urchomhaireacha _____________ agus _____________.
[2]

**(c)** Cén cineál uillinne í an uillinn atá marcáilte le $x$?

Freagra ____________[1]


**(d)** Cá mhéad líne shiméadrachta atá ag gach ceann de na cruthanna scáthaithe?

Freagra ____________[1]



www.StudentBounty.com

**(e)** Anseo thíos tá ceann de na pánaí atá sa lár. Tarraing líne shiméadrachta air.



[1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

---

**3** Díolann fear cluichí ríomhaire.
Is leis an fhoirmle seo thíos a thugtar a phá iomlán seachtaine ina phuint.

Pá iomlán ina Phuint = Pá Bunúsach + Líon na gcluichí a dhíolann sé $\times$ 2.8

**(a)** Cá mhéad a fhaigheann an fear do gach cluiche a dhíolann sé?

Freagra __________[2]

**(b)** Is é £155 pá bunúsach an fhir agus abair go ndíolann sé 24 cluiche.
Cad é an pá iomlán a gheobhaidh sé don tseachtain seo?

Freagra £ __________[2]



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** Roghnaigh ó

dóchúil     neamhdhóchúil     cinnte     do-tharlaitheach

leis na habairtí seo a leanas a chomhlánú.

Tá sé ____________ go mbeidh Domhnach Cásca ar an 25ú Nollaig.

Tá sé ____________ go mbainfidh duine ar a bhfuil aithne agam an Crannchur Dé Sathairn.

Ag cluiche peile, tá sé ____________ gur i Mí na Nollag a rugadh cuid den lucht féachana.

Sa chéad chluiche peile eile a imreoidh foireann Ard Mhacha, tá sé

____________ go mbainfidh siad, go gcaillfidh siad nó go mbeidh comhscór ann.

[4]

**(b)** Cheannaigh Méabh ticéad i gcrannchur. Díoladh 400 ticéad darb uimhreacha 1 go 400.
Cad é an dóchúlacht gur uimhir is mó ná 250 a bheidh ar an ticéad a bhainfidh?

Freagra ____________[2]

---

**5** Tá $I = PRT$

Cad é luach $I$ nuair a bheidh $P = 20$, $R = 8$ agus $T = 0.75$?

Freagra $I$ = ____________[2]




www.StudentBounty.com

**6** **(a)** Ainmnigh ceathairshleasán nach bhfuil ach líne shiméadrachta amháin aige.


Freagra ____________[1]

**(b)** Cad é ord siméadrachta rothlaí an chrutha seo thíos?



Freagra ____________[1]

**(c)** Comhlánaigh an cruth thíos sa dóigh go mbeidh siméadracht rothlach d'ord 3 ag an chruth chomhlánaithe.



[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Tá na litreacha C, E agus A i mála amháin.

Tá na huimhreacha 1, 2, 3 agus 4 i mála eile.

Baintear litir amach as an chéad mhála agus baintear uimhir amach as an dara mála.

**(a)** Liostaigh na torthaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann.

[2]

**(b)** Faigh an dóchúlacht go mbainfear an litir A agus an uimhir 3 araon amach as na málaí.

Freagra ____________[1]

**8** Cheannaigh Cathal rothar ar cíoscheannach.
D'íoc sé éarlais de £125 agus 24 íocaíocht mhíosúil de £8.50
Agus na híocaíochtaí uile íoctha aige, dhíol sé an rothar ar £130
Cá mhéad i ndeireadh thall a chosain ar rothar air?

Freagra £ ____________[4]

**9** Is ionann 1 lítear agus $1\frac{3}{4}$ pionta go garbh.
Cá mhéad lítear atá in 14 phionta?
**Taispeáin do chuid oibre.**


Freagra ____________ lítear [2]



www.StudentBounty.com

**10** Rothaigh Seán 3 km óna theach i gcúig nóiméad déag agus rothaigh sé 2 km eile sa chéad dá nóiméad déag eile.
Taispeáin a thuras ar an ghraf faid ar am seo thíos. [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |






**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**11** Is é £1 = €1.35 ráta malairte steirling go euro.

**(a)** Mhalartaigh Colm £255 ina euro. Cá mhéad a fuair sé?

Freagra € ____________[2]

**(b)** Cheannaigh Colm péire bróg ar €50.
Cá mhéad a bheadh ar na bróga i steirling?

Freagra £ ____________[2]

---


**12** Faigh dromchla ciúib dar faobhar 3.1 cm.
**Scríobh do fhreagra ceart go dtí céim chruinnis chuí.**

Freagra ____________ $cm^2$ [3]



www.StudentBounty.com

**13**




Is féidir go stopfaidh roithleán ar cheann ar bith de 5 dhath. Sa tábla thíos tá an dóchúlacht go stopfaidh an roithleán ar cheithre cinn de na dathanna seo.

| Dath | Dearg | Gorm | Bán | Buí | Glas |
|---|---|---|---|---|---|
| Dóchúlacht | 0.1 | | 0.25 | 0.3 | 0.15 |

**(a)** Cad é an dóchúlacht go stopfaidh an roithleán ar ghorm?

Freagra __________[2]

Rothlaítear an roithleán 600 uair.

**(b)** Cá mhéad uair a mbeifeá ag súil leis go stopfaidh an roithleán ar bhán nó ar ghlas?

Freagra __________[2]

**14** Cé acu 'corruimhir i gcónaí', 'ré-uimhir i gcónaí', 'is féidir gur corruimhir nó ré-uimhir a bheidh ann' a chuireann síos ar an uimhir $4n - 3$?
(Is slánuimhir í $n$)
**Mínigh do fhreagra.**

Freagra____________________________

mar__________________________________________________________

__________________________________________________________[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**15** Roinneadh £8 500 idir Aoife, Bríd agus Caoimhe sa chóimheas 10 : 9 : 6 faoi seach.

Ríomh an méid airgid a fuair gach duine acu.

Aoife £ ______________


Bríd £ ______________

Caoimhe £ ____________[3]



www.StudentBounty.com

**16** Chuaigh carr 28 míle ó X go Z.
Taispeántar an turas ar an ghraf.




Ríomh meánluas an chairr ina msu.

Freagra ____________ msu [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com